# Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain

## Uimhir Rolla: 08446K

# Plean Scoile Matamaitice

**Réamhráiteas:**

▪Cuireadh an plean matamaitice seo le chéile trí thagairtí ón gCuraclam Bunscoile agus freisin trí chomhrá agus cumarsáid leis an bhfoireann teagaisc.
▪Tá an plean seo leagtha síos chun deis foghlamtha, tuiscint mhaith agus feidhm oiriúnach i scileanna mata a thabhairt do na páistí sula bhfágann siad an bhunscoil.
▪Is atá i gceist leis an bplean seo ná teagasc agus foghlaim na scoile a shoiléiriú de réir na prionsabail foghlama atá leagtha amach sa Churaclam Bunscoile.
▪Cuidíonn an plean matamaitice seo le foghlaim agus tuiscint na bpaistí sa mhatamaitic chomh maith le dearcadh dearfach a chothú san ábhar. Cuidíonn sé freisin le scileanna mata na bpáistí a fhorbairt agus conas iad a úsáid go h-éifeachtach.

**Fís & Aidhmeanna**

Tá súil againn anseo i Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain go bhfágfaidh gach páiste an scoil le dearcadh dearfach sa mhatamaitice.

Ba mhaith linn go mbeadh tuiscint mhaith, ag léibhéal a (h)ábaltacht féin, ag gach páiste ar na scileanna matamaitice atá sa churaclam agus go mbeadh sé/sí in ann na scileanna sin a úsáid sa ghnáthshaol.

***Aidhmeanna:***

Is iad aidhmeanna churaclam matamaitice na bunscoile ná

♦ dearcadh dearfa i leith na matamaitice a fhorbairt mar aon le léirthuiscint ar a gnéithe praiticiúla agus aeistéitiúla
♦ cumas chun fadhbanna a réiteach a fhorbairt mar aon le héascaíocht in úsáid na matamaitice sa ghnáthshaol a chur chun cinn
♦ a chur ar chumas an pháiste teanga na matamaitice a úsáid go héifeachtach cruinn
♦ a chur ar chumas an pháiste tuiscint ar choincheapa agus ar phróisis mhatamaiticiúla a d'oirfeadh dá leibhéal forbartha is ábaltachta a bhaint amach
♦ a chur ar chumas an pháiste máistreacht a aimsiú ar úsáid scileanna bunúsacha matamaiticiúla agus ar mheabhrú bunfhíoras uimhris

**1.1**

**Pleanáil Curaclaim:**

***Snáitheanna & Snáithaonaid: Ranganna Naíonáin***

Luathghníomhaíochtaí Matamaiticiúla – Rangú, Meaitseáil, Comparáid a dhéanamh, Cur in ord.
Uimhreas – Comhaireamh, Comparáid & Ord, Anailís Uimhris– Cónascadh , Foroinnt, Uimhriú.
Ailgéabar – Patrún a fhorleathnú
Cruth & Spás – Feasacht ar Spásúltacht, Cruthanna 2T, Cruthanna 3T
Tomhais – Fad, Meáchan, Toilleadh, Am, Airgead.
Sonraí – Sonraí a léiriú & a léirmhiniú.

***Snáitheanna & Snáithaonaid: Ranganna 1 & 2***

Uimhreas – Comhaireamh & Uimhriú, Comparáid & Ordú, Ionad luach, Oibríochtaí – suimiú & dealú, Codáin
Ailgéabar – Patrún a fhorleathnú agus a úsáid.
Cruth & Spás – Feasacht ar Spásúltacht, Cruthanna 2T, Cruthanna 3T, Siméadracht, Uillinneacha.
Tomhais – Fad, Achar, Meáchan, Toilleadh, Am, Airgead.
Sonraí – Sonraí a aithint & a léirmhiniú.

***Snáitheanna & Snáithaonaid: Ranganna 3 & 4***

Uimhreas – Ionad luach, Oibríochtaí – suimiú, dealú, meadú & roinnt, Codáin, Deachúlacha.
Ailgéabar – Uimhirphatrúin agus seichimh, Uimhirabairtí.
Cruth & Spás –Cruthanna 2T, Cruthanna 3T, Siméadracht, Línte & Uillinneacha.
Tomhais – Fad, Achar, Meáchan, Toilleadh, Am, Airgead.
Sonraí – Sonraí a léiriú & a léirmhiniú, Seans.

***Snáitheanna & Snáithaonaid: Ranganna 5 & 6***

Uimhreas – Ionad luach, Oibríochtaí, Codáin, Deachúlacha, Ceatadáin, Teoiric Uimhris.
Ailgéabar – Uimhreacha treocha, Rialacha & Airíonna, Athróga, Cothromóidí.
Cruth & Spás –Cruthanna 2T, Cruthanna 3T, Línte & Uillinneacha.
Tomhais – Fad, Achar, Meáchan, Toilleadh, Am, Airgead.
Sonraí – Sonraí a léiriú & a léirmhiniú, Seans.

**1.2**.

## Cur Chuige & Modheolaíocht:

●Tá cur chuige agus modhanna teagaisc na Matamaitice le fáil i Treoirlínte do Mhúinteoirí Lth 30-65

● Aontaíonn muid go láidir go mba chóir do ghach páiste gach snáithe agus gach snáithaonad a láimhseáil.

●Fearas, ábhar coincréit, cairteanna matamaitice, leabhair mhata agus suíomhanna idirlíonta matamaitice a úsáid i gcomhthéasc leis na nithe atá á mhúineadh.

●Tá baint riachtanacht le comhrá agus díospóireacht faoi threoir sa churaclam matamaitice.
Is iad na scileanna díospóireachta atá ag teastáil ó na páistí ná:
*Éisteacht ghníomhach*
*Freagairt go dearfá ar thuairimí daoine eile*
*Tuairimí a chur i láthair go féinmhúiníneach*
*Cumas tuairim a mhiniú go soiléir.*

●Cur chuige bunaithe ar thaithí phraiticiúil a úsáid.

●Teanga na Matamaitice:
Le fáil ag deireadh an phlean agus é roinnte amach de réir ranga. Anseo i dteanga na matamaitice feictear cén teanga atá in úsáid i chuile rang i dtaobh chuile snáithe agus snáithaonad a bhaineann leis an gcuraclam mata.

●Straitéisí Meastacháin in Uimhreas :
Straitéis an fhoircinn tosaigh
Straitéis an chnuasaigh
Straitéis an tslánaithe
Straitéis na nuimhreacha speisialta.

● Reiteach Fadhbanna

● Roinnt gníomhaíochtaí le corr uimhreacha & ré uimhreacha.

● Filleadh páipéir & codáin

● Luathghníomhaíochtaí Matamaiticiúla

● Cláir Nodaireachta Ionadluach

●Comhtháthú, nascadh agus pleanáil thras-shnáitheach.

● Loirg Mhatamaiticiúla

●Aireamháin

● Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

● Foghlaim ghníomhach agus fionnachtain threoraithe.

● Foghlaim comhoibritheach agus chomharthitíocht.

● An timpeallacht a húsáid.

●Scileanna a fhobairt tríd an ábhar:
Tabhairt faoi & réiteach fadhbanna
Cumarsáid agus cur in iúl
Comhtháthú agus nascadh
Réasúnaíocht
Cur i bhfeidhm
Tuiscint & meabhrú

●Cur i láthair na h-oibre.

**1.3**

**Measúnú & Coimeád Cuntas :**

Tá polasaí measúnaithe leagtha amach ag Scoil Noamh Bríde, Tulach Uí Chadhain.

▪Ceistiúchán – i ngrupaí, páistí aonair

▪Breathnóireacht an mhúinteora

▪Tascanna agus trialacha ranga

▪Samplaí / Bailiúcháin d'obair na bpáistí

▪Trialacha caighdeánaithe – Drom Conrach

▪Ceartú obair bhaile i dteannta an pháiste

▪Díospóireacht ranga i rith am mata

▪Anailís ar obair scríofa na daltaí i dtaobh fadhbanna a réiteach

▪Tionscadáil

**1.4**

**Leanaí le Riachtanais Éagsúla**

Féach Polasaí Tacaíochta Foghlama.

## 2. Pleanáil Eagraíochta

### 2.1 Clár Ama :

Múintear na matamaitice de réir an clár ama atá leagtha síos ag an gcuraclam agus leis na treoirlínte nua sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol.

Ranganna Naíonáin Shóiseara & Naíonáin Shinseara
**3 uair 15 nóiméad** in aghaidh na seachtaine.
Ranganna 1, 2, 3, 4, 5 & 6
**4 uair a chloig** in aghaidh na seachtaine.
Múintear na mata de réir an clár ama atá leagtha síos ag an curaclam.

### 2.2 Obair Bhaile :

Féach Polasaí Obair Bhaile

### 2.3 Acmhainní :

▪Fearas, téacsleabhair, cairteanna, postaeir, áireamháin agus treallamh matamaitice

▪Téacsleabhair – Scéim Mata Draíochta á úsáid ó Naíonáin Bheaga suas go Rang 6. Tá na leabhair i mBéarla ag na páistí agus i nGaeilge ag na múinteoirí. Tá Table Toppers ag Rang 4 agus Brain Teasers ag Rang 5 agus Rang 6.

▪Réimse leabhair bhreise agus bileoga oibre á úsáid -

▪Cairteanna mata – le fáil sna ranganna.

▪Ríomhairí & Cluichí Ríomhairí – sna ranganna agus freisin sa seomra ríomhaire.

▪Úsáidtear suíomhanna idirlíonta matamaitice chun daingniú a dheánamh ar na scileanna mata agus freisin mar áis mhúinteoireachta. Liosta de roinnt suíomhanna le fáil ag deireadh an phlean.

### 2.4 Pleanáil & Tuairisciú Múinteoirí Aonair :

● Bíonn ar gach múinteoir scéimeanna bliana a chur le chéile.

●Coinníonn gach múinteoir cuntas míosúil ar obair na míosa.

● Baintear úsáid as na cuntaisí míosúla mar eolas do gach múinteoir céard atá cludaithe sna ranganna.

●Déantar plé, ceistiú, fiosrú agus comhrá maidir le ábhar an churaclaim ag cruinnithe foirne, i rith na bliana.

**2.5**

**Forbairt Foirne :**

●Cuirtear béim ar forbairt foirne sa scoil agus déanann na múinteoirí cúrsaí éagsúla:
Cúrsaí don chlár bán
Cúrsaí Inseirbhíse
Cúrsaí san Ionad Oideachais
Cúrsaí ar Líne

**2.6**

**Ról na dTuismitheoirí – Nasc idir Baile & Scoil :**

●Chomh maith le foghlaim ag an scoil foghlamaíonn na páistí ón mbaile, go speisialta óna dtuismitheoirí. Tá an-tábhacht ag baint leis an gcaidreamh a bhíonn idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Aithnítear go bhfuil tábhacht oideachsúil, sóisialta agus iompar an pháiste i gceist anseo.

●Is féidir leis na tuismitheoirí, múinteoirí agus an príomhoide obair as lámha a chéile chun spiorad deimhneach i leith na scoile a chothú agus a chruthú i meoin agus i saol na bpáistí.

●Bíonn cruinniú ag na múinteoirí agus na tuismitheoirí uair sa bhliain agus anseo déantar plé ar dhul chun cinn an pháiste. Bíonn fáilte roimh thuismitheoirí chun dul chun cinn a bpáiste a phlé , ag am ar bith, ach an socrú cuí a dhéanamh roimh ré.

●Moltar an teangmháil seo ón gcéad lá a thosaíonn siad ar scoil.

●Is féidir leis an tuismitheoir leanacht ar aghaidh le h-obair scoile an pháiste, trí chabhrú leo leis an obair bhaile go neamhfhoirmiúil.
●Mar aon le treoirlínte nua sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol, seoltar abhaile torthaí na dtrialacha caighdeánaithe sa tuairisc scoile scríofa a seoltar abaile luath i Mí an Mheithimh.

**2.7**

## Nascanna leis an bpobal :

●Téama – Airgead, Bia, Siopadóireacht, Billí.
Ta siad seo uilig ceangailte leis an bpobal mar ag deire an lae teastaíonn uainn go bhfágfaidh na páistí an scoil leis na scileanna atá riachtanach sa saol amach rompu m.sh – ceannacht, díol, sa siopa ….rl.

●Téama – Am
Go mbeidh ar chumas an pháiste an t-am a léamh agus a inseacht. Tá tábhacht ag baint leis i saol an pháiste agus tá ceangal aige leis an bpobal – am éirí, am codlata, am obair bhaile, am castáil le daoine….. Freisin tá laethanta na seachtaine fite fuaite anseo, na míonna, laethanta saoire, lá, oíche, ócáidí speisialta & móra i saol an pháiste.

●Téama – Tomhais, Uimhris, Cruth agus Spás
Sa mBaile, sa Scoil, sa bPobal & Postanna éagsúla atá ag muintir an phobail (tógálaí, pluiméirí, siúinéirí, leictreoirí, meicneoirí…rl)

●Is é bun agus barr an scéil, gur idir na tuismitheoirí sa mbaile agus na múinteoirí sa scoil a cheangaíltear an nasc leis an bpobal. Foghlamaíonn na páistí ón scoil agus ón mbaile faoin tábhacht atá le matamaitic ina saol anois agus amach anseo.

**3.**

## Critéir Rathúlachta :

▪Tá ullmhúchán na múinteoirí riachtanacht chun an plean seo a chur i bhfeidm agus a chur i gcrích.

▪Na modhanna atá luaite sa bplean a bheith á leanúint go seasta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta.

▪ An caidreamh agus an ceangal leis an mbaile a úsáid go h-éifeacht sa gcaoi go leantar leis an bpróisess foghlama taobh amuigh den scoil.

▪ Aon eolas, tuairiscí, smaointí nó nathanna a thagann ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus cigirí a phlé agus, má chuireann siad leis an bplean, iad a chur i bhfeidhm chomh maith is atá muid in-ann.

**4.**

## Cur i bhFeidhm

Rólanna & Freagracht : Múinteoirí Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain

Spriocdhátaí leis an bplean seo a chur i bhfeidhm : **Meán Fómhair 2013**

**5.**

**Athbhreithniú**

Rólanna & Freagracht : Múinteoirí, páistí, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain.

Spriocdháta don athbhreithniú : **Meitheamh 2014 – Mar chuid den FSU**

**6.**

**Daingniú agus Cumarsaid**

Don Bhord Bainistíochta, Múinteoirí, Cigire agus Tuismitheoirí.

Síniú: ________________________________ Dáta: ____________

Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta

Teanga na Mata : Scoil Naomh Bríde

***Rang Naíonáin Shóiseara:***

Fada/gearr , Níos faide/ níos giorra
Níos mó/lú ná, mar a chéile, is mó/is lú
Thar, faoi, thuas, thíos, ar, in aice le, i
Cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog

Cothrom, tiubh, tanaí
Ard/íseal, leathan/caol, níos leithne
Trom/éadrom, níos troime/níos éadroime, meá
Lán, beagnach lán, folamh, toileann
Maidin/tráthnóna, laethanta na seachtaine
Ceannaigh, díol, boinn, cent, cé mhéad
Go leor, níos mó, an iomarca.

***Rang Naíonáin Shinseara:***
Mar a chéile le rang naíonáin shóiseara agus –
Orduimhreacha – an chéad áit, dara, triú, an ceann deireanach
Thar, faoi, gar de, i bhfad, clé, deas
Ciúb, ciúbóid, sféar, sorcóir
Taobh, imeall, aghaidh, dírreach, ciorcalach
Mín, cúinne
Chomh fada le/chomh leathan /gearr
Inné, inniu, amárach, séasúir, breithlá
Costas, praghas, saor/daor, briseadh, an iomarca/dóthain, easpa
Picteagram
Tacair.

***Rang a hAon :***
Mar a chéile le rang naíonáin shinseara agus –
Idir, thíos faoi, thar, timpeall tríd, deas, clé
Cearnóg, triantán, ciorcal, dronuilleog, leathchiorcal
Leath
Ciúb, ciúbóid, sorcóir, sféar
Fad, leithead, airde, tomhas, beagnach méadar, beagán níos mó/lú ná méadar, réise, banlámha, coiscéim, roth tomhais, maide méadar, miosúr
Trom, níos troime/is troime, níos éadroime/is éadroime, meá
Toirt, toilleadh, lion, lán, folamh
Ag léamh an lá, mí, am, féilire
Uair, leathuair
Méadar, líotar, cileagram
Luach suim
Fadhbanna scríofa

***Rang a Dó :***
Mar a chéile le rang a h-aon agus –
Ceathrú
Ubhchruth
Méadar, ceintiméadar
Euro

Siméadracht
Achar
Clog/Am digiteache
Cúinne
Slánú
Seichimh

***Rang a Trí :***
Mar a chéile le rang a dó agus –
Cruthanna rialta & neamhrialta
Sféar, prism, pirimid
Taobhanna, uillinneacha, comhthreomhar
Teisiliú
Líontán na gcruthanna
Siméadracht
Línte comhthreomhara
Leis/in aghaidh an chloig
Cileagram, gram
Cinnte, éiginnte, is féidir, is dócha
An deichiú cuid
Nóiméad
Cothromaíocht
Barrachairt
Abairtí uimhreacha

***Rang a Ceathair :***
Mar a chéile le rang a trí agus –
Comhshleasach, comhchosach, scáiléanach, comhthreomharán, rombus, peinteagán, ochtagán
Na h-uillinneacha go léir
Imlíne
Céadú
Seans, an-seans, beag seans, b'fhéidir, go cinnte
Barrachairt líneach
Scála
Áireamháin

***Rang a Cúig :***
Mar a chéile le rang a ceathair agus –
Mílú
Uimhreacha Príomha, cearnacha, triantánacha, dronuilleogacha, ilchodacha, ré-uimhreacha, corr-uimhreacha
Fachtóirí, fachtóirí príomha, iorlaithe
Uimhreacha Dheimhneacha & Uimhreacha Dhiúltachta

Uimhreacha Treoacha
Cothromóidí, rialacha & airíonna
Ceathairshleasáin
Triantáin maoluillinneach, dronuillinneach
Trastomhas, ga, lárphointe, imlíne, corda, arc, teascóg
Tetrahedron
Cúinne
Uillinneacha & céimeanna
Mm, m /cm , ml
Codáin, pointe deachúlacha & Ceatadáin
Codáin + ,-, x
Píchairt, treoghraf
Dóchúlacht (probability)
Casadh (rotation)
Clog 24 uair, am/pm, am chriosanna
Deiseal / tuathal
Meán
Achar & Imlíne
Uimhreacha Románacha
Cmhordanáidí
Cóimheas
Praghasanna, saor, daor, méadú, laghdú

***Rang a Sé :***
Mar a chéile le rang a cúig agus –
Fréamh cearnaithe
Octahedron
Scála
Ares/heatares
Trend graph
Achar dromchla cruthanna 3T
Bureau de change
Brabús & Caillteanais
VAT (Cáin Bhreis Luach)
Lascaine Céatadáin

**Suíomhanna Idirlín**

www.primaryresources.co.uk
www.bbc.co.uk/skillswise
www.senteacher.org
www.woodlsnds-junior.kent.sch.uk/maths
www.crickweb.co.uk/ks1numeracy.htmkl
www.sums.co.uk/playground.html

www.ictgames.com/index.html
www.mathszone.co.uk
www.mathsnet.net/puzzles/countdown
www.curaclam.net
www.ncca.ie
www.inti.ie
www.beam.co.uk
www.primarymaths.ie
www.primaryworksheets.co.uk
www.worksheetfactory.co.uk
www.adders.org
www.interactive-resources.co.uk
www.teachingtables.co.uk
www.teachingtime.co.uk
www.mathsstories.com
www.mathsisfun.com
www.exchange.smarttech.com
www.brainpop.com
www.topmarks.co.uk
www.teachingideas.co.uk
www.kidsnumbers.com
www.mathplayground.com
www.aplusmath.com
www.mata.ie
www.educate.org.uk
www.eduactionworld.com
www.coolmath4kids.com
www.schoolzone.co.uk
www.educationplanet.com
www.underfives.co.uk
www.abcteach.com
www.gov.ie/ecbi-euro
www.icteachers.co.uk/resources
www.nctm.org